



Folúntas: Saineolaí Sinsearach i nGalair Inchoiscthe Trí Vacsaíniú **Aonad: Tacaíocht Faireachais agus Freagartha** **Tagairt: (ECDC/AD/2017/SRS-SEVPD)**

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Cur síos ar an bpost

Beidh sealbhóir an phoist freagrach do Cheann na Rannóige um Measúnú Eolaíoch laistigh den Aonad um Thacaíocht Faireachais agus Freagartha (SRS) agus beidh sé/sí ag obair mar chuid den Chlár um Ghalair Inchoiscthe Trí Vacsaíniú (VPD).

Beidh sé nó sí freagrach as na réimsí oibre seo:

- Cúnamh a thabhairt do Cheann na gClár um Ghalair Inchoiscthe Trí Vacsaíniú maidir le pleanáil, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí ECDC i réimse na comhairle eolaíche i ndáil le galair inchoiscthe trí vacsaíniú (VPD), vacsaíniú, agus straitéisí vacsaínithe i mBallstáit AE/LEE (MS);
- Staidéir eolaíocha agus athbhreithnithe córasacha litríochta a thionscnamh, a dhéanamh agus/nó a mhaoirsiú chun comhairle eolaíoch a tháirgeadh i réimse an vacsaínithe, agus gnéithe a sholáthar do Bhallstáit chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na mbeartas vacsaínithe ar an leibhéal náisiúnta;
- Treoirdhoiciméid ECDC, tuarascálacha teicniúla agus saintuairimí i réimse an VPD a tháirgeadh chun cabhrú leis na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar vacsaíniú ar leith nó ar bheartais vacsaínithe agus ar chásanna féideartha le haghaidh idirghabhálacha sa Bhallstát;
- Dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara ó na Ballstáit agus ón Líonra VPD chun riachtanais a mheasúnú maidir le tacaíocht chomhairle eolaíochta atá ag teastáil;
- Ionchur a sholáthar i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar anailís agus léirmhíniú an fhaireachais VPD;
- Tionscadal a bhainistiú maidir le conarthaí seirbhíse le conraitheoirí seachtracha;
- Sainchomhairle a chur ar fáil do na Ballstáit ar mhonatóireacht, léirmhíniú agus measúnú ar bhagairtí sláinte an phobail agus ar aireachtáil riosca a bhaineann le VPD, agus freagraí a ullmhú i ndáil le hiarratais ar chomhairle eolaíoch ó na Ballstáit, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa;

- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí eile ECDC nuair is gá, laistigh de réimse saineolais an tsealbhóra poist, agus páirt a ghlacadh sa chóras dualgais 24/7 de chuid ECDC nuair is gá.

Na cáilíochtaí agus an taithí atá ag teastáil

A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais sin:

- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile agus atá teistithe le diplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile ceithre bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile agus atá teistithe le diplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha aon bhliana ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana ar a laghad¹;
- Taithí ghairmiúil 9 mbliana ar a laghad² (tar éis bhronnadh an diplóma);
- Eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh³;
- Náisiúntacht de Bhallstát an AE nó den Iorua, den Íoslainn nó de Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach⁴;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá *critéir riachtanacha* maidir le *taithí ghairmiúil* agus *tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta* sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad sin:

Taithí ghairmiúil/eolas:

- Céim ollscoile sa leigheas, sa tsláinte phoiblí, san eipidéimeolaíocht, nó sna heolaíochtaí bitheacha agus réimsí gaolmhara;

¹ Ní bhreithneofar ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

² Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

³ Chun a bheith incháilithe d'ardú céime trí chleachtadh bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas oibre a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

⁴ Roimh an gceapachán, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó chomhad na bpóilíní a chur ar fáil lena léiriú nach bhfuil taifead coiriúil ag an iarrthóir.

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad a gnóthaíodh i bpoist a bhaineann leis an gcur síos ar an bpost;
- Taithí oibre chruthaithe i réimse na sláinte poiblí ag an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta agus fócas ar imdhíonadh;
- Taithí mhaith maidir le modhanna bunaithe ar fhianaise le haghaidh sláinte poiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Tuiscint mhaith ar na gnéithe eipidéimeolaíochta, vacsaíneolaíochta agus eacnamaíochta a bhaineann le VPD, vacsaíní, agus imdhíonadh ag an leibhéal AE agus idirnáisiúnta;
- Taithí chruthaithe ag bainistiú tionscadal mór ina bhfuil ionchur iolrach agus aschur iolrach ó pháirtithe/ó gheallsealbhóirí éagsúla;
- Sárthuiscint ar Bhéarla, idir scríofa agus labhartha;

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa den scoth, lena n-áirítear scileanna cur i láthair os comhair lucht féachana mór;
- Ardscileanna idirphearsanta agus an cumas oibriú mar dhuine d'fhoireann;
- Sárchumas chun tionscadail agus/nó gníomhaíochtaí a chomhordú le foireann ildisciplíneach ilchultúrtha;
- Sárchumas chun oibriú faoi bhrú, éilimh a chur in ord tosaíochta agus ionchais a bhainistiú;
- A bheith dírithe ar ardchaighdeán a bhaint amach agus ar sheirbhís.

Tá an taithí agus na scileanna atá buntáisteach don phost seo sainaitheanta againn freisin. Is iad sin:

- Cúlra sa tsláinte phoiblí, (céim mháistir, clár oiliúna EUPHEM/EPIET nó a choibhéis).
- Dochtúir Leighis nó PhD sa tsláinte phoiblí nó in eipidéimeolaíocht na ngalar teagmhálach;
- Eolas ar ghníomhaíochtaí agus tionscadail sláinte poiblí laistigh den AE a dhíríonn ar VPD.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh go gcuirfeadh an coiste roghnóireachta riachtanais níos doichte i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnóireachta don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnóireachta bunaithe. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta d'iarrthóirí a bhunú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, ar feadh tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin. Déanfar an ceapachán ag grád **AD 8**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse promhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Is é Stócólm an áit fostaíochta, áit a gcuirtear gníomhaíochtaí an Lárionaid i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfadh go ndéanfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críocha earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu agus sonraigh go soiléir an tagairt folúntais agus do shloinne i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁵. Measfar aon iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí.

Is féidir an fhoirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Pages/JobOpportunities.aspx>

Tá an spriocdháta le hiaratais a chur isteach agus tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus is féidir teacht ar an méid sin tríd an nasc thuas a leanúint.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní thabharfar fógra ach d'iarrthóirí a bhfuil cuireadh chun agallaimh á thabhairt dóibh.

⁵ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú le haghaidh gach ceann de 24 theanga oifigiúla an AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr leis an ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.